

BEARTAS BAINISTÍOCHTA RIOSCA

Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
Bealtaine 2020

Clár na nÁbhar

1. Ráiteas beartais
2. Cuspóir
3. Scóip
4. Inghlacthacht Riosca
5. Ráiteas Straitéise agus Spriocanna
6. Róil agus freagrachtaí
7. Faireachán agus Athbhreithniú

8. Bainistíocht Riosca
9. Clár Rioscaí
10. Measúnú Riosca
11. Dearbhú
12. Faireachán agus Iniúchadh

Aguisín 1: Teimpléad tuairiscithe ar an mbainistíocht riosca

Beartas Bainistíochta Riosca Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire,
2020 Leathanach 1

Uimh. Bheartais:	PL/030	Uimh Leagain:	v1/2023
Leaganacha roimhe seo:	PL/025	Le hÉifeacht ón Dáta:	27/05/2023
Formheasta/Fordhearbhaithe ag an mBord	27/05/2023	Dáta an Athbhreithnithe:	27/05/2024

Aguisín 2: Maitrís measúnaithe riosca

1. Ráiteas Beartais

Is é beartas Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire aon rioscaí atá ann do bhaint amach an Ráitis Straitéise a shainaithe, a mheas, a bhainistiú agus a mhonatóiriú chun tacú le dea-rialachas a léiriú i gcomhréir leis an reachtaíocht, le cóid chleachtais, le caighdeán, le treoir agus leis na ciorcláin ábhartha ón Roinn.

Tá sainordú tugtha do gach fostaí an beartas seo a chomhlíonadh.

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire tiomanta do thacú lena fhostaithe uile agus iad a chumasú ina gcuid oibre le go mbeidís in ann gach riosca sainaitheanta a bhainistiú agus an leibhéal riosca a mhaolú a oiread agus is féidir go praiticiúil.

2. Cuspóir

Tacú le gach fostaí chun an beartas agus an nós imeachta seo a chomhlíonadh, ionas go dtacófar le bainistiú aon rioscaí a d'fhéadfadh bac a chur le cur i gcrích Ráiteas Straitéise Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire.

3. Scóip

Baineann an beartas seo le gach fostaí de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire. Is riachtanas de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire é, i gcás go mbíonn sé ag obair i gcomhar le tríú páirtithe, go bhfaigheadh sé fianaise chuí dá gcórais agus struchtúir bainistíochta riosca, lena chinntiú nach mbeadh drochthionchar ag gníomhaíochtaí tríú páirtí ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire.

4. Inghlacthacht Riosca

I ndáil le gníomhaíochtaí, is leis na gnéithe seo a leanas a bhaineann inghlacthacht riosca go príomha:

1. Cláir Ghníomhaireachta
2. Tionscadail Fhéinmhaoinithe agus/nó
3. Soláthar scoileanna nua

5. Ráiteas Straitéise agus Spriocanna

1. Tacú le comhlíonadh reachtaíochta, cóid cleachtais, caighdeán, treorach agus imlitreacha ón Roinn
2. Tacú le cur i bhfeidhm rialuithe bainistíochta chun an riosca a mhaolú
3. Tacú le cur i gcrích Ráiteas Straitéise Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire [an 6 Feabhra 2017]
4. Gach fostaí a chumasú le bheith freagrach as rioscaí laistigh dá scóip oibre ar leith féin
5. Tacaíocht a léiriú i leith an dea-rialachais
6. Feidhmíocht gnó a fheabhsú
7. Feasacht ardaithe ar an riosca gnó a fhorbairt

Beartas Bainistíochta Riosca Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire, 2020 Leathanach 2

Uimh. Bheartais:	PL/030	Uimh Leagain:	v1/2023
Leaganacha roimhe seo:	PL/025	Le hÉifeacht ón Dáta:	27/05/2023
Formheasta/Fordhearbhaithe ag an mBord	27/05/2023	Dáta an Athbhreithnithe:	27/05/2024

8. Nuáil agus feabhsú a spreagadh
9. Cur chuige comhcheangailte i leith bainistíocht riosca a chur chun tosaigh

6. Róil agus freagrachtaí

1. Is é Bord Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire a chinnteoidh go gcuirfear na córais agus na struchtúir chuí i bhfeidhm chun an riosca a bhainistiú, agus go ndéanfar iad a mhonatóiriú agus a rialú mar is ceart.
2. Comhlíonfaidh an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca an reachtaíocht ábhartha agus a ról á chur i gcrích aige.
3. Cinnteoidh an Príomhfheidhmeannach:
 - Go ndéanfar na príomhrioscaí a bhaineann le cur i ngníomh rathúil an Ráitis Straitéise a shainiú, a mheas, a bhainistiú agus a mhonatóiriú
 - Go ndéanfar iniúchadh cuí ar aon neamhchomhlíonadh a thuairisceofar agus go gcuirfear bearta coisctheacha ná ceartaitheacha i bhfeidhm
4. Is iad na hOifigigh Oideachais, na Bainisteoirí Ionaid, na Príomhoidí agus na Bainisteoirí Líne a chinnteoidh go gcuirfear an beartas seo i bhfeidhm
 - Cuirfidh siad athrú ar an leibhéal riosca in iúl dá mbainisteoir líne
 - Tacóidh siad lena bhfoireann mar is cuí ionas gur féidir leo riosca a bhainistiú
 - Tacóidh siad le córais atá ceaptha teagmhais a iniúchadh, a bhféadfadh riosca a bheith ann mar gheall orthu
5. Cuirfidh an tAonad Iniúcháireachta Inmheánaí na bearta seo a leanas i bhfeidhm:
 - Tabhairt faoi iniúchtaí comhlíonta i dtaca leis an reachtaíocht agus le cóid chleachtais, treoir, caighdeán, beartais, nósanna imeachta agus imlitreacha ón Roinn
 - Tuairiscí a sholáthar don Phríomhfheidhmeannach agus don Choiste Iniúcháireachta maidir le bearta coisctheacha agus ceartaitheacha is gá a chur i bhfeidhm d'fhonn riosca a mhaolú
6. Déanfaidh an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste an méid seo a leanas:
 - Comhlíonadh iniúchta a chinntiú i ndáil leis an reachtaíocht agus le cóid chleachtais, caighdeán, treoir, beartais agus nósanna imeachta
 - Tuairiscí a sholáthar don Phríomhfheidhmeannach agus don Choiste Iniúcháireachta agus Riosca maidir le bearta coisctheacha agus ceartaitheacha is gá a chur i bhfeidhm d'fhonn riosca a mhaolú
7. Ní mór d'fhostaithe an beartas seo a chomhlíonadh, chomh maith le haon treoir a thugann a maoirseoir/bainisteoir líne dóibh.

7 Faireachán agus Athbhreithniú

1. An tAcht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013
2. Cód Cleachtais do Rialachas Bord Oideachais agus Oiliúna (Ciorclán 0002/2019) ón Roinn Oideachais agus Scileanna
3. Cód Iompair d'Fhostaithe
4. Imlitreacha ó Ranna Rialtais
5. An tAcht Breisoideachais agus Oiliúna, 2013

Beartas Bainistíochta Riosca Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire, 2020 Leathanach 3

Uimh. Bheartais:	PL/030	Uimh Leagain:	v1/2023
Leaganacha roimhe seo:	PL/025	Le hÉifeacht ón Dáta:	27/03/2023
Formheasta/Fordhearbhaithe ag an mBord	27/03/2023	Dáta an Athbhreithnithe:	27/03/2024

8 Bainistíocht Riosca

Aon rioscaí atá ann do bhaint amach rathúil an Ráitis Straitéise, déanfar iad a shainiú, a mheas, a bhainistiú agus a mhonatóiriú ar bhonn réamhdhearbhaithe:

1. Aon rioscaí nua a d'fhéadfadh teacht chun cinn de bharr Ráiteas Straitéise nua, déanfar iad a shainiú, a mheas, a bhainistiú agus a mhonatóiriú
2. Déanfar rioscaí nua a shainiú arna n-eascairt as:
 - Neamh-chomhréireachtaí
 - Teagmhais
 - Neasteagmhais
 - Gearáin
 - Éilimh
3. Déanfar na rioscaí uile a athmheas ar bhonn réamhdhearbhaithe ionas go mbeidh measúnú riosca cothrom le dáta ar fáil chun tacú le bainistíocht riosca
4. Déanfar rioscaí a mheas ar bhonn cur chuige cáilíochtúil (féach aguisín 2)
5. Déanfar éifeachtacht na rialuithe bainistíochta a thuairisciú go tráthrialta don Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí agus don Choiste Iniúcháireachta agus Riosca ar bhonn réamhdhearbhaithe (féach an teimpléad tuairiscithe in aguisín 1):
 - Rioscaí ardleibhéil gach trí mhí
 - Rioscaí meánleibhéil gach sé mhí
 - Rioscaí íseal-leibhéil uair sa bhliain nó níos mó má bhíonn athrú ar chúinsí
6. Déanfaidh na bainisteoirí líne iniúchadh an chórais bainistíocht riosca a éascú
7. Cuirfidh na bainisteoirí líne na bearta coisctheacha agus ceartaitheacha i bhfeidhm ar léirigh na cleachtaí faireacháin agus iniúchta go raibh siad riachtanach

9 Clár Rioscaí

1. Riosca: Is féidir breathnú ar an riosca mar chailleanas féideartha nó iarmhairt dhiúltach fhéideartha eile a d'fhéadfadh dul i gcion go diúltach ar chumas an Bhoird Oideachais agus Oiliúna, a spriocanna a bhaint amach agus a mhisean a chomhlíonadh (IPB 2009: VEC Risk excellence in governance through best practice risk management / Barr feabhais riosca VEC sa rialachas trí bhainistiú riosca de réir dea-chleachtais)
2. Bainistíocht riosca: dá mhéad a bhainistítear riosca is ea is mó a éireoidh leat agus is lú a theipfidh ort
3. Sainiú riosca: an próiseas a bhaineann le rioscaí a aimsiú, a aithint agus cur síos orthu
4. Measúnú riosca: Tá ceithre phríomhpharaiméadar i gceist ó thaobh rioscaí a rátáil de:
 - **Comhlíontach** (curtha i bhfeidhm go hiomlán ach faoi réir feabhsú leanúnach)
 - **Comhlíontach go Páirteach** (obair déanta / tuilleadh le déanamh)
 - **Neamh-chomhlíontach go Fóill** (laistigh den scóip ach fós le tosú)
 - **Tugtha faoi Deara** (níl aon bheart eile ag teastáil)
5. Rialú/bainistiú/réiteach rioscaí: rialuithe ná bearta a chuirtear i bhfeidhm chun fáil réidh leis an leibhéal riosca nó chun é a mhaolú

Beartas Bainistíochta Riosca Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire,
2020 Leathanach 4

Uimh. Bheartais:	PL/030	Uimh Leagain:	v1/2023
Leaganacha roimhe seo:	PL/025	Le hÉifeacht ón Dáta:	27/03/2023
Formheasta/Fordhearbhaithe ag an mBord	27/03/2023	Dáta an Athbhreithnithe:	27/03/2024

6. Aistriú riosca: bealach le leibhéal an riosca a rialú, m.sh. árachas a cheannach nó obair i gcomhar le tríú páirtí le go mbeidh siadsan freagrach as an riosca agus go mbainistíodh siad é
7. Inghlacthacht riosca: an méid riosca a bhfuil an Bord Oideachais agus Oiliúna sásta gabháil air féin
8. Clár riosca: bunachar/stór rioscaí sainaitheanta; is uirlis bhainistithe é a éascaíonn doiciméadú rioscaí sainaitheanta
9. Iniúchadh: is próiseas córasach, neamhspleách, doiciméadaithe é seo chun fianaise iniúchta a fháil agus a mheas go hoibiachtúil lena chinneadh cé mhéad de na critéir iniúchta atá comhlíonta (OHSAS 18001:2007)
10. Comhlíonadh: go bhfuiltear ag cloí leis an reachtaíocht, le cóid chleachtas, le caighdeáin agus le treoir (<http://searchdatamanagement.techtarget.com/definition/compliance>).

10 Measúnú Riosca

Aon rioscaí atá ann do bhaint amach rathúil an Ráitis Straitéise, déanfar iad a shainaitheint, a mheas, a bhainistiú agus a mhonatóiriú ar bhonn réamhdhearbhaithe:

1. Aon rioscaí nua a d'fhéadfadh teacht chun cinn de bharr Ráitis Straitéise nua, déanfar iad a shainaitheint, a mheas, a bhainistiú agus a mhonatóiriú
2. Déanfar rioscaí nua a shainaitheint arna n-eascairt as:
 - Neamh-chomhréireachtaí
 - Teagmhais
 - Neasteagmhais
 - Gearáin
 - Éilimh
3. Déanfar na rioscaí uile a athmheas ar bhonn réamhdhearbhaithe ionas go mbeidh measúnú riosca cothrom le dáta ar fáil chun tacú le bainistíocht riosca
4. Déanfar rioscaí a mheas ar bhonn cur chuige cáilíochtúil (féach aguisín 2)
5. Déanfar éifeachtacht na rialuithe bainistíochta a thuairisciú go tráthrialta don Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí agus don Choiste Iniúcháireachta agus Riosca ar bhonn réamhdhearbhaithe (féach an teimpléad tuairiscithe in aguisín 1):
 - Rioscaí ardleibhéil gach trí mhí
 - Rioscaí meánleibhéil gach sé mhí
 - Rioscaí íseal-leibhéil uair sa bhliain nó níos mó má bhíonn athrú ar chúinsí
6. Déanfaidh na bainisteoirí líne iniúchadh an chórais bainistíocht riosca a éascú
7. Cuirfidh na bainisteoirí líne na bearta coisccheacha agus ceartaitheacha i bhfeidhm ar léirigh na cleachtaí faireacháin agus iniúchta go raibh siad riachtanach

11 Dearbhú

Iarrfaidh an Bord dearbhú tríd an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca

Beartas Bainistíochta Riosca Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire,
2020 Leathanach 5

Uimh. Bheartais:	PL/030	Uimh Leagain:	v1/2023
Leaganacha roimhe seo:	PL/025	Le hÉifeacht ón Dáta:	27/03/2023
Formheasta/Fordhearbhaithe ag an mBord	27/03/2023	Dáta an Athbhreithnithe:	27/03/2024

12 Faireachán agus Iniúchadh

Is iad seo a leanas na daoine a bheidh freagrach as faireachán agus iniúchadh:

1. Bainisteoirí líne le tacaíocht ó fhoireann a bhfuil an oiliúint chuí acu
2. Iniúcháir inmheánach, a dhéanfaidh iniúchadh ar an gcóras bainistíocht riosca go rialta ar bhonn réamhdhearbhaithe
3. Éascófar an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste le go mbeidh sé in ann iniúchadh a dhéanamh ar an gcóras bainistíocht riosca.

Arna fhorghas ag: Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire

Dáta: 11 Bealtaine 2020

Beartas Bainistíochta Riosca Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire,
2020 Leathanach 6

Uimh. Bheartais:	PL/030	Uimh Leagain:	v1/2023
Leaganacha roimhe seo:	PL/025	Le hÉifeacht ón Dáta:	27/03/2023
Formheasta/Fordhearbhaithe ag an mBord	27/03/2023	Dáta an Athbhreithnithe:	27/03/2024

Aguisín 1: Teimpléad Tuairiscithe Riosca


Grúpáil riosca	Cur síos ar an riosca	Rátáil riosca roimh chur i bhfeidhm rialuithe nua	Rátáil riosca tar éis cur i bhfeidhm rialuithe nua
Cur síos ar na bearta a rinneadh ón tuairisc dheireanach	Bearta nua atá le cur i bhfeidhm faoi cheann 3/6/12 mhí	Dúshlán shainaitheanta a d'fhéadfadh bac a chur le dul chun cinn	
Síniú	Teideal	Dáta	

Uimh. Bheartais:	PL/030	Uimh Leagain:	v1/2023
Leaganacha roimhe seo:	PL/025	Le hÉifeacht ón Dáta:	27/03/2023
Formheasta/Fordhearbhaithe ag an mBord	27/03/20230	Dáta an Athbhreithnithe:	27/03/2024

Aguisín 2

Measúnú riosca (maitrís cháilíochtúil agus chainníochtúil)

Bainfead leas as cur chuige cáilíochtúil, mar atá léirithe sa mhaitrís thíos, chun gach riosca a shainnithint.



Beartas Bainistíochta Riosca Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire, 2020 Leathanach 8

Uimh. Bheartais: PL/030	Uimh Leagain: v1/2023
Leaganacha roimhe seo: PL/025	Le hÉifeacht ón Dáta: 27/03/2023
Formheasta/Fordhearbhaithe 18/05/2020	ag an mBord Dáta an Athbhreithnithe: 27/03/2024